C/2024/7187

27.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11724 - SCHWENK / GOLDBECK / CONFINITY JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7187)

1. An 20 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Schwenk Zement GmbH & Co. KG ('Schwenk Group', an Ghearmáin),

— Aurum Private Equity GmbH ('Goldbeck Group', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Schwenk Group agus Goldbeck Group rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Confinity GmbH & Co. KG.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Schwenk Group gníomhach go príomh i monarú agus dáileadh stroighne, coincréit réamh-mheasctha, gainimh agus gairbhéil, bainistiú athchúrsála, seirbhísí caidéalaithe coincréite, agus táirgeadh ábhar tógála, agus córas le haghaidh raon leathan réiteach ábhar tógála in LEE,

— Tá Goldbeck Group gníomhach go príomha mar thógálaí ginearálta agus mar sholáthraí seirbhísí tógála d'fhoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe in LEE.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Confinity GmbH & Co. KG go príomha:

— meascáin nuálacha atá déanta as coincréit agus ábhair agus comhpháirteanna eile atá ceangailte go hiodrálach a fhorbairt, a mhonarú agus a dháileadh agus meascáin den sórt sin á n-úsáid sa LEE.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11724 - SCHWENK / GOLDBECK / CONFINITY JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË